



An Bhruiséil, 11 Nollaig 2017
(OR. en)

15569/17

DEVGEN 289
ACP 143
RELEX 1095
COAFR 325
COHAFA 107
FIN 831

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 11 Nollaig 2017

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 13629/17
roimhe seo:

Ábhar: Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Ciste Iontaobhais Bêkou de chuid an Aontais Eorpaigh do Phoblacht na hAfraice Láir: tús maith ainneoin roinnt easnamh"
- Conclúidí ón gComhairle (11 Nollaig 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Ciste Iontaobhais Bêkou de chuid an Aontais Eorpaigh do Phoblacht na hAfraice Láir: tús maith ainneoin roinnt easnamh', mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3587ú cruinniú a bhí aici ar an 11 Nollaig 2017.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2017 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa
dar teideal 'Ciste Iontaobhais Bêkou de chuid an Aontais Eorpaigh do
Phoblacht na hAfraice Láir: tús maith ainneoin roinnt easnamh'**

Conclúidí ón gComhairle

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 11/2017 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa dar teideal 'Ciste Iontaobhais Bêkou de chuid an Aontais Eorpaigh do Phoblacht na hAfraice Láir: tús maith ainneoin roinnt easnamh'. Tá luach ar leith ag roinnt leis an Tuarascáil Speisialta seo ós rud é gur uirlis nua iad cistí iontaobhais an Aontais don chabhair um fhorbairt lena húsáid i gcomhair gníomhaíochtaí éigeandála, iar-éigeandála nó téamacha. Is é ciste iontaobhais Bêkou an chéad chiste dá chineál.
2. Meabhraíonn an Chomhairle agus na Ballstáit a seasamh maidir le húsáid cistí iontaobhais an Aontais mar a leagadh amach in 2017 é sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt.
3. Meabhraíonn an Chomhairle freisin gur bunaíodh ciste iontaobhais Bêkou mar fhreagairt ar ghéarchéim gan fasach a raibh foréigean idir-chomhphobail, lagú fheidhmeanna bunúsacha an stáit, cúnamh idirnáisiúnta teoranta, agus dúshlán shuntasacha dhaonnúla agus forbartha i bPoblacht na hAfraice Láir ina sainghnéithe di. I bhfianaise na ndúshlán leanúnach i bPoblacht na hAfraice Láir, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de leas a bhaint as acmhainní idirnáisiúnta chun cabhair dhaonnúil agus forbartha a chur ar fáil agus chun téarnamh, cobhsaíocht agus forbairt inbhuanaithe na tíre a chomhdhlúthú.
4. Tá tábhacht ar leith le Tuarascáil Speisialta na Cúirte maidir le ciste iontaobhais Bêkou ós rud é gurb inti atá an chéad iniúchadh á dhéanamh ar chiste iontaobhais de chuid an Aontais. Is luachmhar an measúnú agus na moltaí atá sa tuarascáil i ndáil lena bhfuil bainte amach ag an gciste agus i ndáil leis na dúshlán atá ann fós; is moltaí iad sin lenar féidir bainistíocht, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht chistí eile de chuid an Aontais a neartú.

5. Maidir leis na chéad trí bliana de chur chun feidhme chiste Bêkou, tugann an Chomhairle dá haire an measúnú foriomlán dearfach a rinne an Chúirt Iniúchóirí agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Tugann an Chomhairle dá haire an chonclúid ón gCúirt gurbh iomchuí an ciste a chruthú agus gur mearfhreagairt a bhí ann ar an ngá a bhí le hionstraim chomhordaithe lena bhféadfaí an fhóirithint, an t-athshlánú agus an fhorbairt a nascadh le chéile. Tugann an Chomhairle dá haire gur chinn an Chúirt, sna príomhchonclúidí a rinne sí, gur éirigh leis an gCoimisiún, ar an iomlán, ciste Bêkou a bhunú, a bhainistiú agus a chur chun feidhme, ach go bhfuil gá le feabhsuithe eile chun lán a acmhainneachta a bhaint amach.
6. Chomh maith leis sin, tugann an Chomhairle dá haire an dá mholadh a rinne an Chúirt agus iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:
- Tuilleadh treoraíochta a fhorbairt maidir leis an uirlis chúnaimh ab áil leis a úsáidfí, lena n-áirítear measúnú achomair, struchtúraithe ar na buntáistí comparáideacha a bhaineann le cistí iontaobhais i gcoibhneas le hionstraimí eile cabhrach ó thaobh sofhreagrachta agus inoiriúnaitheachta i gcúinsí géarchéime de, agus iarrann sí ar gach ciste iontaobhais anailís riachtanais a dhéanamh ar a luach breise sula mbunaítear cistí iontaobhais den chineál sin.
 - Feabhas a chur ar chomhordú na ndeontóirí, ar na nósanna imeachta roghnúcháin agus tomhaiste feidhmíochta, agus bainistiú na gcostas riaracháin a optamú i gcás cistí iontaobhais an Aontais go ginearálta agus go sonrach i gcás ciste Bêkou. Is den tábhacht an feabhsú sin chun lánacmhainneacht chiste Bêkou a bhaint amach.
7. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Coimisiún tar éis freagra cuimsitheach a thabhairt ar mholtaí na Cúirte agus tá sí ag tnúth le cur chun feidhme éifeachtach chiste Bêkou agus na gcistí iontaobhais eile. Ba cheart na ceachtanna a foghlaimíodh le ciste Bêkou a roinnt, a dháileadh agus a chomhtháthú ar bhealach éifeachtach, i gcás inarb ábhartha, sa bhainistiú a dhéanann an Coimisiún ar chistí iontaobhais an Aontais chun an úsáid a bhaintear as an modh cabhrach sin a optamú i gcomhar an Aontais um fhorbairt agus sa chaidreamh seachtrach. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh de réir a chéile agus na ceachtanna a foghlaimíodh le ciste Bêkou a chomhtháthú i mbainistiú agus i gcur chun feidhme chistí iontaobhais eile an Aontais.